Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projecks

Comhoibriú Críche na hEorpa 2014 – 2020

Ainm:

Eagraíocht:

Cén cheisteanna a d'fhreagair tú?	Cuir tic leo le do thoil
INTERREG IVA (C.1.a go C.4.b go huile)	
PEACE III (C.5.a go C.7.b go huile)	
Ceisteanna Ginearálta a bhfuil baint acu leis an dá chlár (C.8.a go Q.12 go huile)	
Tráchta Breise (C.13 agus C.14)	

Doiciméad Freagartha Comhairliúcháin

28 Lúnasa – 20 Samhain 2012

European Union
European Regional Development Fund
Investing in your future

Ceisteanna comhairliúcháin le machnamh a dhéanamh orthu

Le linn na tréimhse comhairliúcháin seo, táimid ag iarraidh do chuid tuairimí a chloisteáil. An raibh tú rannpháirteach riamh in INTERREG nó i PEACE? An amhlaidh nach bhfuil tú rannpháirteach iontu ach go bhfuil tú ag iarraidh a fháil amach céard atá i gceist leo? Nó, fiú más é an chéad uair riamh ar chuala tú faoi chistiú an AE le haghaidh chomhoibriú trasteorann - táimid ag iarraidh scéal a fháil uait!

Ba cheart féachaint ar an Doiciméad Comhairliúcháin ag http://www.seupb.eu/2014-2020Consultation/keyquestions.aspx a thabharfaidh an fhaisnéis chúlra chun cabhrú leat na ceisteanna comhairliúcháin a fhreagairt.

Tá 14 cheist san iomlán á gcur againn agus nuair atá do chuid freagraí á dtabhairt agat, iarrtar ort aird a thabhairt ar na comaoiní ginearálta ar tugadh cuntas orthu roimhe seo i gCuid 2 den Doiciméad Plé. Tá focheisteanna ag gabháil le cuid de na ceisteanna, chun cabhrú le cinntiú go bpléitear na príomhphointí go léir. Ní gá na ceisteanna go léir a fhreagairt, iarrtar ort gan freagra a thabhairt ach ar na ceisteanna a bhfuil tú ag iarraidh a fhreagairt. Úsáid do chuid freagraí ar cheist 13 agus 14 le do thoil chun tráchta níos ginearálta a dhéanamh más mian leat déanamh amhlaidh.

Cuireann an FCSAE fáilte roimh fhreagraí luatha ionas gur féidir tuairimí, smaointe agus tráchta a úsáid chun cur le forbairtí agus díospóireachtaí leanúnacha le linn na tréimhse comhairliúcháin. Foilseofar d'fhreagra ar láithreán gréasáin FCSAE ach má iarrann tú go sonrach nach bhfoilseofaí é.

Tá an doiciméad seo ar fáil le foilsiú ó láithreán gréasáin FCSAE ag: http://www.seupb.eu/2014-2020Consultation/howtorespond.aspx

Cuirimid fáilte roimh d'fhreagra trí ríomhphost ag: consultation@seupb.eu

Cé gur fearr freagraí a fháil trí ríomhphost, i gcás go mbeifí ag iarraidh é a sheoladh trí phost, iarrtar ort é a sheoladh chuig:

Teresa Lennon
2014 -2020 Comhairliúchán Clár
Foras um Chláir Speisialta an AE

2 Sráid Clarence Thiar

Béal Feirste

BT2 7GP

D’fhéadfadh go mbeadh gach freagra faoi réir scaoilte faoi Chód FCSAE um Shaoráil Faisnéise, a bhfuil cóip de ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag http://www.seupb.eu/AboutUs/FreedomOfInformation.aspx

Clár Trasteorann INTERREG V

Ceachtanna a Fhoghlaim ón gClár Reatha

C.1.a. Má tá tú rannpháirteach faoi láthair i gCistiú INTERREG, iarrtar ort do chuid taithí a roinnt faoi thionchar an chláir ar an réigiún trasteorann.

C.1.b. Iarrtar ort do chuid tuairimí a chur in iúl maidir leis na gnéithe den chlár reatha a bhfuil ag éirí go maith leo agus na gnéithe a d'fhéadfaí a fheabhsú.

C.1.c. Mura raibh tú rannpháirteach i gcistiú INTERREG, an féidir leat aon chonstaicí a aithint ar do rannpháirteachas agus do chuid tuairimí a thabhairt maidir le cén chaoi a bhféadfaí dul i ngleic leo siúd?

Téamaí le haghaidh INTERREG V

C.2.a Cad iad na fadhbanna / na saincheisteanna / deiseanna sa réigiún trasteorann arbh fhearr go dtabharfaí aghaidh orthu leis an gClár nua Trasteorann INTERREG V? (Coimeád i gcuimhne le do thoil an t-aon téama déag a bhfuil cuntas tugtha orthu in Aguisín 2 den Doiciméad Faisnéise Comhairliúcháin)

C.2.b Dar leat féin, cén chineál athraithe ar cheart go mbeadh an Clár INTERREG V ag iarraidh a dhéanamh maidir leis na fadhbanna / na saincheisteanna / na deiseanna sin?

C.2.c Agus do chuid freagraí ar 2a agus 2b á gcoimeád i gcuimhne agat, ón liosta de chuspóirí téamacha in Aguisín 2 den Doiciméad Plé, cad iad na 4 chuspóir ar cheart a áireamh sa chlár nua?

C.2.d Cad é do thuairim maidir le gné forbartha uirbí inmharthana agus / nó rogha um infheistíocht chríche chomhtháite a áireamh? (féach Aguisín 3 den Doiciméad Faisnéise Comhairliúcháin)

C.2.e An bhfuil aon tionscadail trasteorann i gcuimhne agat a chuirfidh leis an athrú a mheasann tú a bheith riachtanach laistigh den réigiún?

Limistéar Incháilithe

C.3. Cad iad do thuairimí faoin limistéar incháilithe?

Struchtúir Seachadta INTERREG V

C.4.a Agus líon teoranta na dtéamaí á gcoimeád i gcuimhne agat, chomh maith leis an ngá le cur chuige straitéiseach agus an gá le cinntiú go ndéanfar tionscadail déthaobhacha agus tríthaobhacha a sheachadadh, cén mheicníochtaí seachadta a mheasann tú a bheith oiriúnach chun clár trasteorann INTERREG V a chur i bhfeidhm

C.4.b Cad iad do thuairimí faoi úsáid a bhaint as an gcur chuige Forbartha Áitiúla Faoi Cheannas an Phobail agus / nó as Comhphleananna Gníomhaíochta? (mar a bhfuil cuntas tugtha air in Aguisín 4 den Doiciméad Faisnéise Comhairliúcháin)?

Ceachtanna a Fhoghlaim ón gClár Reatha

C.5.a Má tá tú rannpháirteach i gClár PEACE III faoi láthair iarrtar ort trácht a dhéanamh/cuntas a dhéanamh ar do thaithí ar thionchar an

C.5.b Iarrtar ort do chuid tuairimí a chur in iúl faoi na gnéithe den chlár reatha a n-éiríonn go maith leo chomh maith leis na gnéithe a d'fhéadfaí a fheabhsú.

C.5.c Mura raibh tú rannpháirteach i gcistiú PEACE, an féidir leat aon chonstaicí a aithint ar do rannpháirteachas agus do chuid tuairimí a thabhairt maidir le cén chaoi a bhféadfaí dul i ngleic leo siúd?

Téamaí le haghaidh PEACE IV

C.6.a Cén chineál athruithe ar mhaith leat a fheiceáil i sochaí Thuaisceart Éireann agus an réigiún teorann i gcaitheamh na 7 mbliana seo chugainn?

C.6.b Cén chineál gníomhaíochtaí ar cheart don Chlár PEACE a chistiú chun an t-athrú sin a dhéanamh?

C.6.c Ar bhunús d'fhreagra ar cheist 6.a. agus 6.b., agus ar an liosta cuspóirí téamacha in Aguisín 2 den Doiciméad Faisnéise Comhairliúcháin, aithin suas go 4 chuspóir téamacha ar cheart a áireamh sa chlár nua.

C.6.d Cad é do thuairim maidir le gné forbartha uirbí inmharthana agus / nó rogha um infheistíocht chríche chomhtháite a áireamh? (féach aguisín 3 den Doiciméad Faisnéise Comhairliúcháin)

C.6.e An bhfuil aon tionscadail i gcuimhne agat a chuirfidh leis an gcineál athraithe a dhéanamh a mheasann tú a bheith riachtanach sa réigiún?

Struchtúir Seachadta PEACE IV

C.7.a Agus cuspóirí sonracha Chlár PEACE á gcoimeád i gcuimhne agat cén mheicníochtaí seachadta a mheasann tú a bheith oiriúnach chun Clár PEACE IV a chur i bhfeidhm?

C.7.b Cad iad do thuairimí faoi úsáid a bhaint as an gcur chuige Forbartha Áitiúla Faoi Cheannas an Phobail agus / nó as Comhphleananna Gníomhaíochta (mar a bhfuil cuntas tugtha air in Aguisín 4 den Doiciméad Faisnéise Comhairliúcháin)?

Ceisteanna Ginearálta a Bhaineann leis an dá Chlár

Tionscadail a Chur i bhFeidhm, a Mheasúnú agus a Fhaomhadh

C.8. Iarrtar ort moltaí a thabhairt maidir le cén chaoi a bhféadfaí an próiseas measúnaithe agus faofa a fheabhsú i dtréimhse nua na gclár chun cinntiú go ndéanfar tionscadail a fhaomhadh go tráthúil?

Maoiniú Tionscadal agus Cistiú Meaitseála

C.9.a Iarrtar ort moltaí a thabhairt faoi na socruithe um chistiú meaitseála. An ceart go leanfaí ar aghaidh leis na socruithe reatha chun cistiú meaitseála a aimsiú, nó an ceart go soláthródh an t-iarratasóir (poiblí nó príobháideach) cuid den chistiú sin nó an cistiú go léir?

C.9.b Cad iad do thuairimí faoi úsáid a bhaint as uirlisí airgeadais i gCláir INTERREG agus / nó PEACE?



An t-Ualach Riaracháin a Laghdú

C.10.a Cad iad do thuairimí faoi na moltaí seo chun an t-ualach riaracháin ar na tairbhithe a laghdú i dtréimhse nua na gclár?

C.10.b Iarrtar ort moltaí breise a thabhairt maidir le cén chaoi an t-ualach riaracháin a laghdú.

Comhionannas agus an Comhshaol

C.11. Iarrtar ort cur síos a dhéanamh ar aon ghníomhartha a d'fhéadfadh na Cláir a ghlacadh maidir le deiseanna comhionanna a chur chun cinn lena n-áirítear gné na hinscne a chuimsiú, agus idirdhealú a chosc, le linn ullmhú agus chur i bhfeidhm na gclár?

C.12 Iarrtar ort cur síos a dhéanamh ar aon ghníomhartha a d'fhéadfadh na cláir a ghlacadh chun an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú le linn ullmhú agus chur i bhfeidhm na gclár.

Tráchta Breise – INTERREG V

C.13. Iarrtar aon tráchta breise a dhéanamh faoi Chlár INTERREG V sa todhchaí a bhféadfadh nár cuireadh san áireamh iad i gceisteanna roimhe seo.

Tráchta Breise – PEACE IV

C.14. Iarrtar ort aon tráchta breise a dhéanamh faoi Chlár PEACE IV sa todhchaí a bhféadfadh nár cuireadh san áireamh iad i gceisteanna roimhe seo.

Cén chaoi ar chuala tú faoi CHOMHAIRLIÚCHÁN FCSAE?

Láithreán gréasáin FCSAE		
Fógra Nuachtáin		Cén nuachtán?
Na Meáin Chumarsáide		
Scéal scéil		
Comhairle Áitiúil		Cén chomhairle?
Foireann FCSAE		
Irisleabhar FCSAE		Cén irisleabhar?
Comhfhreagras díreach ó FCSAE		
Eile		Sonraigh le do thoil